Obair le híomhánna Gluaiste

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Samplaí atá ann cheana féin a chuir an múinteoir ar fáil a rochtain agus páirt a ghlacadh i ndíospóireacht faoi threoir an mhúinteora faoi na cineálacha éagsúla de tháirgí íomhá ghluaiste nó beochana. Bunghnéithe sa phacáiste bogearraí maidir le heagarthóireacht scannán nó le beochan a fhiosrú. (Fiosrú)
- Grianghraif dhigiteacha a ghlacadh le cuidiú ón mhúinteoir mar spreagadh do smaointe scéalaíochta digití, agus amharc orthu ar scáileán. (Cur in iúl)
- A bheith feasach gur féidir leo modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt, faoi threoir an mhúinteora, faoi shamplaí d'íomhá ghluaiste agus/nó beochan atá feicthe acu. (Luacháil)
- Grianghraf digiteach amháin nó níos mó a thaispeáint le cuidiú ón mhúinteoir lena úsáid ar ball le scéal a chur ar chlár. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Íomhánna as réimse foinsí tugtha a roghnú lena n-úsáid ina gcuid oibre. Amharc, le cuidiú an mhúinteora, ar shamplaí de bheochaintí nó d'íomhánna gluaiste go bhfeice siad an dóigh a bhfuil siad déanta de shraitheog d'íomhánna socra a chruthaíonn cuma na gluaisne nuair a athsheinntear ag an luas cheart iad. (Fiosrú)
- Scéal nó insint bhunúsach a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo roinnt grianghraif dhigiteacha a ghlacadh nó triail a bhaint as réimse d'íomhánna atá curtha ar fáil ag an mhúinteoir lena gcur sa tsraitheog.* (Cur in iúl)
- An dóigh ar féidir leo modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt fúithi. (Malartú)
- Labhairt faoin dóigh lena gcuid oibre a fheabhsú, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- A gcuid oibre a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar tháirgí íomhá ghluaiste nó beochana as réimse d'fhoinsí tugtha agus struchtúir scéil a shainaithint. Triail a bhaint as réimse de ghnéithe atá ar fáil sa phacáiste bogearraí roghnaithe. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo na bogearraí íomhá ghluaiste nó na bogearraí beochana a úsáid le feidhmeanna na n-uirlisí agus na ngnéithe sa phacáiste bogearraí a thriail. Rogha a dhéanamh ar na huirlisí agus na gnéithe a úsáidfidh siad agus iad i mbun a n-íomhá ghluaiste nó a mbeochan féin a dhéanamh.* (Fiosrú)

- Insint a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo taisce íomhánna a chruthú as réimse atá curtha ar fáil nó as a ngrianghraif dhigiteacha nó a bpíosaí scannáin féin, agus iad a úsáid le sraith íomhánna a eagrú i sraitheog.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go mbeadh ríomhphost a chur nó postáil a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar shnáithe plé i gceist leis seo. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)
- Roinnt mionathraithe a dhéanamh lena dtáirge a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo gné a bheadh níos cuí a úsáid i ngearrthóg ar leith, mar shampla trasdulta a chur isteach.* (Luacháil)
- Comhadainm a úsáid lena dtáirge a shábháil agus/nó é a thaispeáint don rang nó don ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Sócmhainní a thaighde agus a roghnú ó raon foinsí ar líne le smaointe a fhorbairt agus an dóigh lena gcur i ngníomh. Triail a bhaint as réimse uirlisí agus rialtán le sraitheoga gairide insinte a dhéanamh leis an fhadhb atá leagtha amach i mionteagasc an taisc a réiteach. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo fuaim nó ceol agus maisíochtaí bunúsacha a chur leis.* (Fiosrú)
- Píosa scannáin a phleanáil agus a scannánú le físcheamara digiteach nó le ceamara stadán agus é a iompórtáil isteach go dtí bogearraí eagarthóireachta le táirge íomhá ghluaiste nó beochana a chruthú a léiríonn feasacht ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ceol, guthú nó fuaim ghafa a ullmhú i bhfeidhmchlár cuí eagarthóireacht fuaime lena chur le hinsint ghairid.* (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a chur agus scéalchlár ceangailte leis nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram díospóireachta.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe TFC cuí a úsáid le hobair a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo triail a bhaint as trasdulta éagsúla agus na feabhsuithe a rinneadh ar an íomhá ghluaiste nó ar an bheochan a thaifead.* (Luacháil)
- An obair íomhá ghluaiste a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar shócmhainní ábhartha agus iad a roghnú as réimse foinsí don táirge íomhá ghluaiste nó beochana, agus an spriocghrúpa agus an cuspóir ar intinn. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb atá leagtha amach i mionteagasc an taisc agus í a réiteach trí tháirge cuí íomhá ghluaiste nó beochana a roghnú agus réimse uirlisí agus gnéithe in úsáid. (Fiosrú)

- Píosa scannáin a phleanáil, a scannánú agus a chur in eagar ina léirítear feasacht ar luas, rithim agus tempo le táirge íomhá ghluaiste nó beochana a chruthú a léiríonn tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo sócmhainní breise a ullmhú amhail teidil agus fuaim ghafa.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach amháin nó níos mó a úsáid le cumarsáid, malartú agus a gcuid faisnéise agus táirgí ilmheánacha a roinnt ar líne lena bpiaraí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo bheith ag obair ar líne le táirge íomhá ghluaiste a chruthú, nó plé, díospóireacht agus/nó idirbheartaíocht ar líne a dhéanamh maidir le cé acu gné le cur isteach ina dtáirge.* (Malartú)
- An timthriall 'pleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú agus aiseolas ar a n-íomhá a iarraidh óna bpiaraí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo dearadh, dréachtú agus beachtú a dhéanamh ar a mbeochan nó a n-íomhá ghluaiste, ionas go mbeadh sí ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Luacháil)
- An táirge íomhá ghluaiste nó beochana agus comhaid nó ábhair ar bith bainteacha a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar shócmhainní ábhartha agus iad a roghnú as réimse foinsí digiteacha lena gcur ina dtáirge íomhá ghluaiste nó beochana, agus an spriocghrúpa agus an cuspóir ar leith a chur san áireamh agus tagairtí a choinneáil nuair is cuí. Imscrúdú a dhéanamh ar agus triail a bhaint as réimse uirlisí agus gnéithe sna bogearraí eagarthóireachta, agus nuair atá crua-earraí amhail ceamaraí agus micreafóin in úsáid le píosa scannáin a thaifeadadh, ag cur san áireamh an spriocghrúpa agus an cuspóir ar leith atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. (Fiosrú)
- Riachtanais an úsáideora a shainaithint agus táirge íomhá ghluaiste nó beochana a phleanáil, a fhorbairt agus a thástáil a bhfuil réimse gnéithe níos sofaisticiúla i gceist leis agus a bhfuil cosúlacht agus mothú comhleanúnach aige don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo siút a phleanáil go córasach, clár scéil agus script scannánaíochta a úsáid, píosa scannáin a ghabháil agus a chur in eagar ina léirítear feasacht ar luas, rithim agus tempo agus sócmhainní breise a ullmhú amhail teidil agus fuaim ghafa lena gcur isteach sa táirge deiridh.* (Cur in iúl)
- Réimse modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, lena gcuid faisnéise agus a gcuid táirgí ilmheáin a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhobair a dhéanamh ar scannán nó ar bheochan le piaraí, mar shampla é a roinnt i bhfóram díospóireachta agus ag ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha atá ar fáil sna bogearraí a úsáid le tráchtanna agus cosaintí ardchaighdeáin a chur isteach.* (Malartú)

- Cosaint a thabhairt ar na bogearraí feidhme a roghnaigh siad leis an tasc a chomhlánú, na malairtí ar smaoinigh siad orthu agus an próiseas a rinne siad agus an táirge íomhá ghluaiste nó beochana á tháirgeadh. An dóigh a gcomhlíonann a dtáirge íomhá ghluaiste nó beochan riachtanais an spriocghrúpa agus an chuspóra atá sainithe a chosaint. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir feabhas ar an leagan deiridh den íomhá nó den táirge.* (Luacháil)
- A gcuid oibre íomhá ghluaiste beochana a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Acmhainní as réimse d'fhoinsí digiteacha, a aimsíodh agus a cruthaíodh, a roghnú, agus a luacháil, agus taighde a dhéanamh orthu agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu maidir le hábharthacht, iontaofacht agus beachtas agus cosaint a thabhairt ar a bhfoinsí agus tagairt a dhéanamh dóibh. Na gnéithe is cuí le húsáid a roghnú agus a chosaint le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh mar atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc agus bheith ag obair idir feidhmchláir bhogearraí éagsúla le tionscadal iomlán a chur i gcríoch. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo taighde ar ghearrthóga scannáin, beochaintí agus sócmhainní eile agus iad a roghnú agus réimse maisíochtaí a thriail go córasach, ag socrú ar an cheann is chuí le freastal ar ionchais an spriocghrúpa, ag úsáid timthriall forbartha lena bhfréamhshamhail léirithe a thástáil agus a choigeartú go rialta agus cosaint a dhéanamh ar a roghanna agus a mbreithiúnais bunaithe ar a n-intinní tosaigh, ar ghrúpdhíospóireachtaí agus ar aiseolais ó úsáideoirí deiridh.* (Fiosrú)
- Riachtanais úsáideora atá sainmhínithe go soiléir a leagan amach agus léiriú úrnua il-leathanach atá oiriúnach don spriocghrúpa agus don chuspóir a phleanáil, a fhorbairt agus a thástáil, ina bhfuil réimse gnéithe agus sócmhainní ardfhorbartha a bhfuil eagarthóireacht chuí déanta orthu. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo siút a phleanáil go córasach, clár scéil agus script scannánaíochta a úsáid, ag léiriú brí an scéil mar a dhéanann siad píosa scannáin a ghabháil agus a chur in eagar ina léirítear feasacht ar luas, rithim agus tempo agus sócmhainní breise a ullmhú le táirge iomlán íomhá ghluaiste nó beochana a tháirgeadh. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo fuaim, ceol, guthú, trasdulta agus maisíochtaí, ag baint úsáid chruthaitheach as coinbhinsiúin íomhá ghluaiste le freastal ar riachtanais lucht féachana ar leith agus feidhm.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide lena smaointe forbartha agus a bhfaisnéis a mhalartú, a roinnt agus comhoibriú a dhéanamh orthu le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda chomhoibríoch. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an scannán nó an beochan a uaslódáil chuig blag le haiseolas a bhailiú ó phiaraí, ó shaineolaithe agus ó úsáideoirí deiridh, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le cáilíocht ard agus le hoiriúnacht an táirge a fheabhsú d'úsáideoir deiridh mar atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)

- Riachtanais an úsáideora agus cuspóir an bhunachair shonraí a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an táirge íomhá ghluaiste nó beochana deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, ag sainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas d'ardchaighdeán a dhéanamh.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, ag am agus in áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.